Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5591/22**

**COPS 34**
**CFSP/PESC 65**
**POLMIL 16**
**COEST 15**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5564/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an staid slándála san Eoraip |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an staid slándála san Eoraip, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Eanáir 2022.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an staid slándála san Eoraip

Doroinnte atá slándáil na hEorpa. Aon dúshlán ar ord slándála na hEorpa, bíonn tionchar aige sin ar shlándáil an Aontais agus a Bhallstát.

Sa chomhthéacs sin:

1. Cáineann an Chomhairle gníomhaíochtaí agus bagairtí ionsaitheacha leanúnacha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus iarrann sí ar an Rúis an lasóg a bhaint den bharrach, cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus páirt chuiditheach a ghlacadh in idirphlé trí na sásraí idirnáisiúnta atá bunaithe.

2. Is trí idirphlé a dhéanamh, i gcomhréir leis na príomhphrionsabail is bonn do shlándáil na hEorpa, a chuirfear feabhas ar an staid slándála agus a chosnófar an tsíocháin agus an chobhsaíocht ar an mór-roinn seo againne. Níl aon ghlacadh san 21ú haois le barúlacha ar 'réimsí tionchair'. Leanfaimid dár seasaimh a chomhordú agus cuirfimid go gníomhach agus go suntasach leis an bplé laistigh de na creataí atá ann cheana, na creataí sin lena n-áirítear an Rúis, *inter alia*, maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dár leasanna slándála agus straitéiseacha.

3. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas iomlán an Aontais do na croíphrionsabail ar a bhfuil slándáil na hEorpa bunaithe, agus atá cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe agus i ndoiciméid bhunaitheacha ESCE, lena n-áirítear Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus Cairt Pháras. Áirítear leis sin go háirithe comhionannas ceannasach agus iomláine chríochach Stát; dosháraitheacht na dteorainneacha; staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid; agus saoirse Stát a socruithe slándála féin a roghnú nó a athrú. Níl na prionsabail seo inchaibidle ná faoi réir athbhreithniú ná athléiriú. Is bac é sárú na Rúise ar spás slándála coiteann agus doroinnte san Eoraip, agus cuireann sé an tsíocháin agus an chobhsaíocht ar an mór-roinn seo againne i mbaol.

4. Á mheabhrú di na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí na Nollag 2021, athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-eascróidh iarmhairtí ollmhóra agus costais thromchúiseacha as aon ionsaí míleata breise a dhéanfaidh an Rúis ar an Úcráin. Áirítear air sin réimse leathan beart sriantach ar earnálacha agus ar dhaoine aonair a ghlacfaí i gcomhar le comhpháirtithe. Tá dlús curtha ag an Aontas leis an obair ullmhúcháin atá á déanamh ag an Ardionadaí agus ag an gCoimisiún ina leith sin.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais do neamhspleáchas, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine agus dár gcomhpháirtithe eile i gcomharsanacht an Oirthir laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Cuireann an Chomhairle i dtreis go dtacaíonn sí leis na creataí idirnáisiúnta atá ann cheana chun coinbhleachtaí a réiteach ar bhealach inbhuanaithe agus síochánta i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus iarrann sí ar an Rúis plé cuiditheach a athbhunú trí na creataí bunaithe sin de mheon macánta. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé Comhaontuithe Mhionsc a chur chun feidhme go hiomlán, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí go hiomlán le hiarrachtaí na Fraince agus na Gearmáine laistigh d’fhormáid na Normainne, agus béim á leagan aici ar fhreagracht na Rúise mar pháirtí sa choinbhleacht. Molann an Chomhairle rannpháirtíocht luachmhar Mhisean Speisialta Faireacháin ESCE, nach mór rochtain neamhshrianta a chur ar fáil dó ar fud na hÚcráine.

6. Athdhearbhaíonn an Comhairle go bhfuil an tAontas tiomanta tacú a thuilleadh le hathléimneacht na hÚcráine, lena n-áirítear cur i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha agus dul i ngleic leis an mbréagaisnéis. Tá modúlachtaí tacaíochta don Úcráin á sainiú ag an Aontas i réimse an oideachais mhíleata ghairmiúil freisin. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá clár oibre na hÚcráine don athchóiriú, bunaithe ar ár gcomhluachanna mar a athdhearbhaíodh iad sa ráiteas comhpháirteach ón 23ú cruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, mar mhodh chun feabhas a chur ar athléimneacht sheachtrach agus inmheánach na hÚcráine, agus athdhearbhaíonn sí tacaíocht dhiongbháilte fhadtéarmach an Aontais chun na críche sin.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis an ról atá ag ESCE mar fhóram iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní slándála na bpáirtithe leasmhara uile. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Cathaoirleacht in Oifig ESCE tús a chur go pras le hidirphlé substainteach maidir le slándáil na hEorpa.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle cur chuige aontaithe an Aontais agus comhar agus comhordú láidir leanúnach an Aontais agus a Bhallstát leis na Stáit Aontaithe, le ECAT, leis an Úcráin agus lenár dtíortha comhpháirtíochta eile. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais don aontacht thrasatlantach leanúnach agus gur mór aige an tiomantas sin. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí leanúint de sheasamh an Aontais a chomhordú agus ar an mbonn sin páirt ghníomhach a ghlacadh in ESCE agus lenár gcomhpháirtithe, go háirithe na Stáit Aontaithe agus ECAT.

9. Tá na Ballstáit réidh chun páirt a ghlacadh chun na sásraí atá ann cheana a neartú chun trédhearcacht mhíleata agus intuarthacht mhíleata a áirithiú, agus chun tacú le hiarrachtaí maidir le rialú arm, go háirithe laistigh de chreat ESCE. Iarrann an Chomhairle ar an Rúis páirt chuiditheach a ghlacadh chuige sin.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé athléimneacht agus cumais freagartha an Aontais agus ár ndlúth-chomhpháirtithe a neartú a thuilleadh i gcoinne cibear-ionsaithe agus ionsaithe hibrideacha, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair chun na críche sin.

11. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do chur chuige aontaithe, fadtéarmach, straitéiseach Eorpach maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Rúis bunaithe ar na cúig threoirphrionsabal.